



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/260 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Eanáir 2024

maidir le bláthola cuimín ó *Cuminum cyminum* L., tintiúr finéil mhilis ó *Foeniculum vulgare* Mill. ssp. *vulgare* var. *dulce*, tintiúr *dong quai* ó *Angelica sinensis* (Oliv.) Diels, tintiúr peirsile ó *Petroselinum crispum* (Mill.) Fuss, tintiúr réalt-ainise ó *Illicium verum* Hook f., bláthola *asafoetida* ó *Ferula-assa-foetida* L., bláthola luibh lusa mhín ó *Anethum graveolens* L. agus tintiúr lusa mhín ó *Anethum graveolens* L. a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin déantar foráil maidir le hathmhheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Maidir leis na substaintí seo a leanas; bláthola cuimín ó *Cuminum cyminum* L., tintiúr finéil mhilis ó *Foeniculum vulgare* Mill. ssp. *vulgare* var. *dulce*, tintiúr peirsile ó *Petroselinum crispum* (Mill.) Fuss, tintiúr réalt-ainise ó *Illicium verum* Hook f., tintiúr lusa mhín ó *Anethum graveolens*, tintiúr *dong quai* ó *Angelica sinensis* (Oliv.) Diels, bláthola *asafoetida* ó *Ferula-assa-foetida* L., agus bláthola lusa mhín ó *Anethum graveolens* L., údaraíodh iad gan teorainn ama i gcomhréir le Treoir 70/524/CCE mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Cuireadh na substaintí sin isteach i gClár na mBreiseáin Beathaithe ina dhiaidh sin mar tháirgí a bhí ann cheana a bhaineann le catagóir na mbreiseáin 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe' i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh iarratas isteach ar údarú bláthola cuimín ó *Cuminum cyminum* L., tintiúr finéil mhilis ó *Foeniculum vulgare* Mill. ssp. *vulgare* var. *dulce*, tintiúr peirsile ó *Petroselinum crispum* (Mill.) Fuss, tintiúr réalt-ainise ó *Illicium verum* Hook f., tintiúr lusa mhín ó *Anethum graveolens*, tintiúr *dong quai* ó *Angelica sinensis* (Oliv.) Diels, bláthola *asafoetida* ó *Ferula-assa-foetida* L., agus bláthola luibh lusa mhín ó *Anethum graveolens* L. le haghaidh gach speicis ainmhíoch, iarratas inar iarradh go n-aicmeofaí na breiseáin sa chatagóir breiseáin 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin. Ina dhiaidh sin, tharraing an t-iarratasóir siar an t-iarratas ar údarú tintiúir *dong quai* ó *Angelica sinensis* (Oliv.) Diels maidir lena úsáid le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas éanlaith chlóis, capaill, madraí agus cait, an t-iarratas ar údarú bláthola *asafoetida* ó *Ferula-assa-foetida* L. maidir lena úsáid le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas madraí agus cait agus an t-iarratas ar údarú bláthola luibh lusa mhín ó *Anethum graveolens* L. maidir le gach speiceas ainmhíoch seachas madraí agus cait.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).

- (4) D'iarr an t-iarratasóir go n-údarófaí na breiseáin lena n-úsáid in uisce óil freisin. Ina theannta sin, i gcás tintiúr *dong quai* ó *Angelica sinensis* (Oliv.) Diels bhain an t-iarratas ar údarú le haghaidh éanlaith clóis lena úsáid in uisce óil agus leis an úsáid sin amháin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear 'comhdhúile blaistithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na mbreiseán sin in uisce óil a cheadú.
- (5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 22 Samhain 2022 ⁽³⁾ maidir le bláthola cuimín ó *Cuminum cyminum* L., tintiúr finéil mhilis ó *Foeniculum vulgare* Mill. ssp. *vulgare* var. *dulce*, tintiúr *dong quai* ó *Angelica sinensis* (Oliv.) Diels, tintiúr peirsile ó *Petroselinum crispum* (Mill.) Fuss, tintiúr réalt-ainise ó *Illicium verum* Hook f., bláthola luibh lusa mhín ó *Anethum graveolens* L. agus tintiúr lusa mhín ó *Anethum graveolens* L., go bhfuil siad sábháilte do na spriocspeicis, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Maidir le bláthola *asafoetida* ó *Ferula-assa-foetida* L., mheas an tÚdarás go bhfuil an tsubstaint sábháilte do mhadraí agus do chaith agus nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil ábhar imní ann don chomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin gur cheart a mheas gur greannaitheoirí don chraiceann agus do na súile, agus gur iógróirí deirmeacha agus riospráide iad bláthola luibh lusa mhín, bláthola cuimín, tintiúr lusa mhín, tintiúr finéil mhilis, ola *asafoetida*, tintiúr *dong quai*, tintiúr peirsile agus tintiúr réalt-ainise. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nuair a bhítear ag láimhseáil bláthola cuimín, bláthola luibh lusa mhín, tintiúr lusa mhín, tintiúr finéil mhilis agus tintiúr réalt-ainise, nach féidir nochtadh na n-úsáideoirí gan chosaint d'eistriogól (agus d'aipíól lusa mhín) a chur as an áireamh agus, dá bhrí sin, chun an riosca a laghdú, gur cheart nochtadh na n-úsáideoirí a íoslaghdú. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, nuair a bhítear ag láimhseáil tintiúr peirsil, nach féidir nochtadh úsáideoirí gan chosaint d'aipíól, eilimicín agus míristicín a chur as an áireamh agus, dá bhrí sin, chun an riosca a laghdú, gur cheart nochtadh na n-úsáideoirí a íoslaghdú. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid ós rud é go bhfuil na substaintí aitheanta mar bhlástáin bhia agus ós rud é go mbeadh an fheidhm chéanna acu i mbeatha, go bunúsach, agus atá acu i mbia, nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhóraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún maidir le bláthola cuimín ó *Cuminum cyminum* L., tintiúr finéil mhilis ó *Foeniculum vulgare* Mill. ssp. *vulgare* var. *dulce*, tintiúr *dong quai* ó *Angelica sinensis* (Oliv.) Diels, tintiúr peirsile ó *Petroselinum crispum* (Mill.) Fuss, tintiúr réalt-ainise ó *Illicium verum* Hook f., bláthola *asafoetida* ó *Ferula-assa-foetida* L., bláthola luibh lusa mhín ó *Anethum graveolens* L. agus tintiúr lusa mhín ó *Anethum graveolens* L., go gcomhlíonann siad na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú le haghaidh na speiceas ainmhíoch sin. Measann an Coimisiún nach bhfuil gá leis an uaschion a shocrú ar chúiseanna sábháilteachta le haghaidh bláthola *asafoetida* ó *Ferula-assa-foetida* L. ná bláthola luibh lusa mhín ó *Anethum graveolens* L.. De bharr chorrlach leathan an noichta agus an easpa substaintí ar údar imní iad, cheadaítear an t-uaschion molta a bhunú. Chun rialú níos fearr a leagan síos, ba cheart an t-uaschion molta a shonrú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar na cionta sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán lena mbaineann. Maidir leis na substaintí seo a leanas; bláthola cuimín ó *Cuminum cyminum* L., tintiúr finéil mhilis ó *Foeniculum vulgare* Mill. ssp. *vulgare* var. *dulce*, tintiúr peirsile ó *Petroselinum crispum* (Mill.) Fuss, tintiúr réalt-ainise ó *Illicium verum* Hook f., tintiúr *dong quai* ó *Angelica sinensis* (Oliv.) Diels agus tintiúr lusa mhín ó *Anethum graveolens* L., measann an Coimisiún, le láithreach substaintí ar údar imní iad, go bhfuil gá leis an uaschion a shocrú san ábhar beatha iomlán agus le teorainn a chur le meascán na mbreiseán sin le cinn eile ina bhfuil na substaintí céanna ar ábhar imní iad. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí na mbreiseán a chosc.
- (7) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(12):7690, EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(1):7691, EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(12):7692, EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(1):7693, EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(1):7694, EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(12):7695, EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(12):7689, EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(12):7688.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe', údaraítear iad mar bhreiseáin i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil na substaintí sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 4 Lúnasa 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 4 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 4 Feabhra 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 4 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 4 Feabhra 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 4 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg/kg de shubstaint ghníomhach in ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b161-eo	Bláthola cuimín	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Bláthola cuimín a fhaightear ó thorthaí <i>Cuminum cyminum</i> L. Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Bláthola cuimín a fhaightear trí ghaldriogadh torthaí <i>Cuminum cyminum</i> L. mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾ . <i>Sonraíochtaí</i> — Cuimín-aildéad (4-iseapróipilbeansaildéad): 15–46 % — γ-Teirpinéin: 13–32 % — β-Pinéin (pin-2(10)-éin):7–20 — α-Pinéin (pin-2(3)-éin):0,3–2 % — Eistriogól: uasmhéid 0,05 % — Aipíól lusa mhín: uasmhéid 0,05 % Uimhir CAS: 8014-13-9 Uimhir FEMA: 2343 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 161 <i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Maidir le alfa-pinéin agus cuimín-aildéad (marcóirí fícheimiceacha) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID)	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	15	- Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. - Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. - Ceadaítear bláthola cuimín a mheascadh le breiseáin beatha luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna eistriogóil agus aipíól lusa mhín sna hábhair bheatha agus sa bheatha chumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó na catagóire ainmhíche. - I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh anáilaithe pearsanta, súl agus craicinn a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	4.2.2034

⁽¹⁾ Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007)

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe

2b200-t	Tintiúr finéil mhilis	Comhdhéanamh an bhreiseáin Tintiúr finéil mhilis a fhaightear ó thorthaí triomaithe <i>Foeniculum vulgare</i> Mill. ssp. <i>vulgare</i> var. <i>dulce</i> Foirm leachtach Tréithriú na substainte gníomhaí Tintiúr finéil mhilis a fhaightear ó thorthaí triomaithe <i>Foeniculum vulgare</i> Mill. ssp. <i>vulgare</i> var. <i>dulce</i> trí eastóscadh fadaithe le tuaslagóir uisce/eatánóil mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾. Sonraíochtaí Cion ábhair thirim: uasmhéid 3 % — Cion iomlán na bpolaifeanól: 0,05–0,07 % — Flavonóidigh: 0,004–0,007 % — Ainíosaildéad: 0,003–0,005 % — Anatól: 0,0005–0,0007 % — Eistriogól: uasmhéid 0,0006 % Uimhir FEMA: 2482 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 200 Modh anailíse ⁽²⁾ Maidir le tréithriú an bhreiseán beathaithe: — speictreafótaiméadracht chun cion iomlán polaiifeanól a chinneadh, agus crómatagrafaíocht caolchisil ardfheidhmíochta (HPTLC) chun cion iomlán na bhflavonóideach agus an marcóir fíitcheimiceach ainíosaildéad a chinneadh	Gach speiceas ainmhíoch seachas capaill Capaill	-	-	50	200	- Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. - Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. - Ceadaítear tintiúr finéil mhilis a mheascadh le breiseáin bheatha luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna eistriogóil sna hábhair bheatha agus sa bheatha chumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó na catagóire ainmhíche. - I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh anáilaithe pearsanta, súl agus craicinn a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	4.2.2034
---------	-----------------------	--	---	---	---	----	-----	--	----------

⁽¹⁾ Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007)

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe

2b92456-t	Tintiúr <i>dong quai</i>	Comhdhéanamh an bhreiseáin	Capaill	-	-	123	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.	4.2.2034
		Tintiúr <i>dong quai</i> a fhaightear ó fhréamhacha <i>Angelica sinensis</i> (Oliv.) Diels	Madraí			481	2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.	
		Foirm leachtach	Cait			184	3. Ceadaítear tintiúr <i>dong quai</i> a mheascadh le breiseáin beatha luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna fúracúmairíní agus safróil sna hábhair bheatha agus sa bheatha chumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó na catagóire ainmhíche.	
		Tréithriú na substainte gníomhaí					4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh anáilaithe pearsanta, súl agus craicinn a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	
		Tintiúr <i>dong quai</i> a fhaightear ó fhréamhacha <i>Angelica sinensis</i> (Oliv.) Diels trí eastóscadh le tuaslagóir uisce/eatánóil mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾ .						
		Sonraíochtaí						
		Cion ábhair thirim: uasmhéid 10 %						
		— Aigéad fearaileach: 0,004–0,007 %						
		— Aigéad clóraigineach: 0,001–0,006 %						
		— Safról: uasmhéid 0,0001 %						
		— Fúracúmairíní: uasmhéid 0,0001 %						
		Modh anailíse ⁽²⁾						
		Maidir le haigéad fearaileach agus aigéad clóraigineach (marcóirí fíticheimiceacha) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: crómatagrafaíocht leachta ardfeidhmíochta cúpláilte le brath eagar dé-óide (HPLC-DAD)						

⁽¹⁾ Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007)

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe

2b2835-t	Tintiúr peirsile	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Tintiúr peirsile a fhaightear ó shíolta <i>Petroselinum crispum</i> (Mill.) Fuss Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Tintiúr peirsile a fhaightear ó shíolta <i>Petroselinum crispum</i> (Mill.) Fuss trí eastóscadh fadaithe le tuaslagóir uisce/eatánóil mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾. <i>Sonraíochtaí</i> Cion ábhair thirim: uasmhéid 0,9 % — Cion iomlán na bpolaifeanól: 0,018–0,022 % — Cion iomlán na bhflavonóideach: 0,004–0,012 % — Aipíól: uasmhéid 0,0092 % — Eilimicin: uasmhéid 0,0016 % — Míristicin: uasmhéid 0,0011 % Uimhir FEMA: 2835 ⁽²⁾ <i>Modh anailíse</i> ⁽³⁾ Maidir le tréithriú an bhreiseán beathaithe: — speictreafótaiméadracht chun cion iomlán polaiifeanól a chinneadh agus — crómatagrafaíocht caolchisil ardfheidhmíochta (HPTLC) chun cion iomlán na bhflavonóideach, míristicin agus aipíól a chinneadh.	Gach speiceas ainmhíoch seachas capaill	-	-	50	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.	4.2.2034
			Capaill			200	2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.	
							3. Ceadaítear tintiúr peirsile a mheasach le breiseáin beatha luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna aipíól, eilimicin agus míristicin sna hábhair bheatha agus sa bheatha chumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó na catagóire ainmhíche.	
							4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh anáilaithe pearsanta, súl agus craicinn a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

⁽¹⁾ Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007)
⁽²⁾ Comhfhreagraíonn an uimhir seo do Pheirsil
⁽³⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b2095-t	Tintiúr réalt- ainíse	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Tintiúr réalt-aníse a fhaightear ó thorthaí (peireacarp agus síolta) <i>Illicium verum</i> Hook f. Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Tintiúr réalt-aníse a fhaightear ó thorthaí (peireacarp agus síolta) <i>Illicium verum</i> Hook f. trí eastóscadh fadaithe le tuaslagóir uisce/eatánóil mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾ . <i>Sonraíochtaí</i> Cion ábhair thirim: uasmhéid 2,2 % — Cion iomlán na bpolaifeanól: 0,21–0,31 % — Cion iomlán na bhflavonóideach: 0,022–0,024 % — Rútain: 0,0024–0,0044 % — Anatól: 0,0172–0,0182 % — Eistriogól: uasmhéid 0,00039 % — Safról: uasmhéid 0,0010 % Uimhir FEMA: 2095 ⁽²⁾ Modh anailíse ⁽³⁾ Maidir le tréithriú an bhreiseán beathaithe: — speictreafótaiméadracht chun cion iomlán polaifeanól a chinneadh agus — crómatagrafaíochta caolchisil ardfheidhmíochta (HPTLC) chun cion iomlán na bhflavonóideach agus anatóil a chinneadh	Gach speiceas ainmhíoch seachas capaill Capaill	-	-	50 <		

(¹) Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007)

(²) Comhfhreagraíonn an uimhir seo do réalt-ainís

(³) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b196-eo	Bláthola <i>asafoetida</i>	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Bláthola <i>asafoetida</i> a fhaightear ó riosóm <i>Ferula-assa-foetida</i> L. Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Bláthola <i>asafoetida</i> a fhaightear trí ghaldriogadh roisín guma triomaithe riosóm gearrtha <i>Ferula assa-foetida</i> L. mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾ . <i>Sonraíochtaí</i> — Déshuifíd (E)-2-bútile 3-(meitiltia)-2-próipeinile: 20-45 % — Déshuifíd (E)-tán-bútile próipeinile: 8-25 % — Déshuifíd (Z)-tán-bútile próipeinile: 8-24 % — Déshuifíd dé-tán-bútile: 4-16 % Uimhir CAS: 9000-04-8 Uimhir FEMA: 2108 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 196 <i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Maidir le déshuifíd (E)-tán-bútile próipeinile (marcóir fiticheimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID)	Cait Madraí	-	-	-	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — 1,5 mg le haghaidh madraí — 0,2 mg le haghaidh cait' 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. — I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh anáilithe pearsanta, súl agus craicinn a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	4.2.2034

(¹) Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007)

(²) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b42-eo	Bláthola luibh lusa mhín	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Bláthola luibh lusa mhín a fhaightear ó ghais agus duilleoga <i>Anethum graveolens</i> L. Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Bláthola luibh lusa mhín a fhaightear ó ghais agus duilleoga <i>Anethum graveolens</i> L. trí ghaldriogadh mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾. <i>Sonraíochtaí</i> — Carvón: 28-45 % — Liomóinéin: 16-35 % — α-Phellandrene: 16-31 % — Éitear lusa mhín (3,6-Dé-mheitil-2,3,3a,4,5,7a-heicsihidribeansófurán): 4-9 % — Eistriogól: uasmhéid 0.0003 % — Míristicin: uasmhéid 0.005 % — Aipíól: uasmhéid 0.0003 % — Aipíól lusa mhín: uasmhéid 0.01 % Uimhir CAS: 8006-75-5 Uimhir FEMA: 2383 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 42 <i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Maidir le carvón (marcóir fiticheimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID)	Madraí	-	-	-	- Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. - Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. - Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — 7 mg le haghaidh madraí — 5 mg le haghaidh cait' - I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. - I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh análaithe pearsanta, súl agus craicinn a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	4.3.2034

⁽¹⁾ Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007)

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b42-t	Tintiúr lusa mhín	Comhdhéanamh an bhreiseáin	Gach speiceas ainmhíoch seachas capaill	-	-	50	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadáítear tintiúr lusa mhín a mheascadh le breiseáin bheatha luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna eistriogóil sna hábhair bheatha agus sa bheatha chumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó na catagóire ainmhíche. 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh análaithe pearsanta, súl agus craicinn a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	4.2.2034
		Tintiúr lusa mhín a fhaightear ó thorthaí <i>Anethum graveolens</i> L. Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Tintiúr lusa mhín a fhaightear ó thorthaí triomaithe <i>Anethum graveolens</i> L. trí eastóscadh fadaithe le tuaslagóir uisce/eatánóil mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾ . <i>Sonraíochtaí</i> Cion ábhair thirim: uasmhéid 1.1 % — Cion iomlán na bpolaifeanól: 0.02-0.03 % — Flavonóidigh: 0.01-0.02 % — Carvón: 0.001-0.005 % — Eistriogól: uasmhéid 1.2 mg/kg Uimhir FEMA: 2382 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 42 <i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Maidir le tréithriú an bhreiseáin beathaithe (tintiúr lusa mhín): — speictreafótaiméadracht chun cion iomlán polaiifeanól a chinneadh agus — crómatagrafaíocht caolchisil ardfheidhmíochta (HPTLC) chun cion iomlán na bhflavonóideach agus an marcóir fíticheimiceach carvón a chinneadh	Capaill		200			

⁽¹⁾ Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007)

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga